2024/3245

31.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3245 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976 ón gCoimisiún maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Ghearmáin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 71(3) agus Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseachtaí choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar a n-onnmhairí go tríú tíortha.

(2) Le Rialachán Tarmligthe 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ([3]) ón gCoimisiún. Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 63 go 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le bearta áirithe atá le glacadh i gcás ráig ghalair de chatagóir A in ainmhithe fiáine a bheith deimhnithe go hoifigiúil, lena n-áirítear fiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine. Leis na forálacha sin, déantar foráil, go háirithe, maidir le crios ionfhabhtaithe a bhunú, maille le toirmisc ar ghluaiseachtaí ainmhithe fiáine de speicis liostaithe agus a dtáirgí de bhunadh ainmhíoch.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear nó a bhfuil limistéir acu a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis (na Ballstáit lena mbaineann). Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leagtar síos rialacha maidir le criosanna srianta I, II agus III a liostú ar leibhéal an Aontais in Iarscríbhinn I a ghabhann leis tar éis ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc, agus rialacha maidir le liostú ar leibhéal an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, tar éis ráig den ghalar sin i mBallstát nó i gcrios a bhí saor ó ghalar roimhe sin.

(4) Ina theannta sin, i gcás ráig d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát, foráiltear le hAirteagal 3, pointe (b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin crios ionfhabhtaithe, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/594/oj).

(5) Chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas faoin staid fhiabhras Afracach na muc ar a críoch, tar éis ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc a bheith deimhnithe i muc-ainmhí fiáin i Stát Brandenburg an 22 Samhain 2024, i gcrios a bhí saor ó ghalar roimhe sin. I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, bhunaigh an Ghearmáin crios ionfhabhtaithe ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

(6) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976 ón gCoimisiún ([5]) tar éis faisnéis a fháil ón nGearmáin maidir leis an ráig sin in ainmhí fiáin i Stát Brandenburg sa Bhallstát sin. Foráiltear leis, i measc rudaí eile, go gcuirfidh an Ghearmáin i bhfeidhm na bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le criosanna srianta II dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, agus na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, sna limistéir a liostaítear mar chrios ionfhabhtaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976, sa bhreis ar na bearta rialaithe galar a leagtar síos in Airteagail 63 go 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Beidh feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976 go dtí an 21 Feabhra 2025.

(7) I gcás na chéad ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát nó i gcrios a bhí saor ó ghalar roimhe sin, déantar foráil le hAirteagal 6(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 maidir le liostú an limistéir sin mar chrios ionfhabhtaithe i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Dá bhrí sin, an crios ionfhabhtaithe a bhunaigh údarás inniúil na Gearmáine i Stát Brandenburg sa Ghearmáin, ba cheart é a liostú i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976 a aisghairm.

(8) Ba le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2928 ón gCoimisiún ([6]) a leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 go deireanach, tar éis athruithe ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Chróit, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Liotuáin agus sa Pholainn. Ó bhí dáta glactha an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin ann, tá athrú tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin i mBallstáit áirithe.

(9) Ó bhí dáta glactha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2928, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ann, bhí ráigeanna nua d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhithe fiáine sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Pholainn agus sa tSlóvaic. Ina theannta sin, tá feabhas tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch i muc-ainmhithe ar coimeád agus muc-ainmhithe fiáine i limistéir áirithe den Laitvia agus den Pholainn.

(10) Tar éis na ráigeanna sin d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí i muc-ainmhithe fiáine sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Pholainn agus sa tSlóvaic, agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc san Aontas á cur san áireamh, rinneadh an criosú sna Ballstáit sin a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagail 5, agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 leagtar síos rialacha speisialta maidir le criosanna srianta I a liostú i gcás ráig d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit a bhfuil teorainn aige le limistéar nár deimhníodh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann go hoifigiúil. Le hAirteagal 6 den Rialachán sin leagtar síos rialacha speisialta maidir le criosanna srianta II nó criosanna ionfhabhtaithe a liostú i gcás ráig d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát. Ina theannta sin, rinneadh na bearta bainistithe riosca a bhí i bhfeidhm sna Ballstáit sin a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 freisin.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2024 maidir le bearta áirithe eatramhacha éigeandála a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Ghearmáin (IO L 2024/2976, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2976/oj)

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2928 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 2024/2928, 22.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2928/oj).

(11) Aon leasú ar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart é a bheith bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch freisin a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát lena mbaineann, ar an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin, agus ar phrionsabail agus critéir atá bunaithe ar an eolaíocht i dtaca le criosú a shainiú go geografach mar gheall ar fhiabhras Afracach na muc, mar a leagtar amach sna treoirlínte maidir le fiabhras Afracach na muc arna bhforbairt ag an gCoimisiún agus na Ballstáit ([7]). Ina theannta sin, ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh sna leasuithe sin, caighdeáin amhail Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún ([8]) ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), agus ba cheart an bonn cirt a thug údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát lena mbaineann leis an gcriosú a chur san áireamh freisin.

(12) I mí na Nollag 2024 tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhí fiáin i Stát Hessen sa Ghearmáin, i limistéar a liostaítear mar chrios srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhí fiáin, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint léi, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Chun an leanúnachas críche a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, an limistéar sin den Ghearmáin a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I in Iarscríbhinn I agus atá buailte ag an ráig sin d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar chriosanna srianta I agus II faoi láthair a athshainiú freisin chun an ráig sin a chur san áireamh.

(13) Sa bhreis air sin, i mí na Samhna 2024 tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhí ar coimeád i Réigiún Liguria san Iodáil, i limistéar a liostaítear mar chrios srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ach ar limistéar é atá dlúth le limistéar a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I san Iarscríbhinn sin. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhí fiáin, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint léi, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. An limistéar sin den Iodáil a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar chrios srianta II agus I faoi láthair a athshainiú freisin chun an ráig sin a chur san áireamh.

(14) Ina theannta sin, i mí na Samhna 2024 tugadh faoi deara roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i réigiún Opolskie sa Pholainn i limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Na ráigeanna nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Chun an leanúnachas críche a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, na limistéir sin den Pholainn a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I agus atá buailte ag na ráigeanna sin d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar chriosanna srianta I agus II faoi láthair a athshainiú freisin chun na ráigeanna sin a chur san áireamh.

(15) Thairis sin, i mí na Samhna 2024 tugadh faoi deara go raibh dhá ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhithe fiáine i Réigiúin Pomorskie agus Świętokrzyskie sa Pholainn, i limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ach ar limistéir iad atá dlúth le limistéir a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I san Iarscríbhinn sin. Na ráigeanna nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Na limistéir sin den Pholainn a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart iad a liostú mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar na criosanna srianta I agus II faoi láthair a athshainiú freisin chun na ráigeanna sin a chur san áireamh.

([7]) Fógra ón gCoimisiún i ndáil le treoirlínte maidir le fiabhras Afracach na muc san Aontas a chosc, a rialú agus a dhíothú ('Treoirlínte ASF') C/2023/7855 (IO C C/2023/1504, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1504/oj).

([8]) An Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún ó WOAH, an 31ú hEagrán, 2023. Imleabhair I agus II ISBN 978-92-95121-74-4 https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

(16) Thairis sin arís, i mí na Nollag 2024 tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhí fiáin i gcontae Nitriansky sa tSlóvaic, i limistéar a liostaítear mar chrios srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhí fiáin, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint léi, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Chun an leanúnachas críche a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, an limistéar sin den tSlóvaic a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I agus atá buailte ag an ráig sin d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar chriosanna srianta I agus II faoi láthair a athshainiú freisin chun an ráig sin a chur san áireamh.

(17) Ar deireadh, i mí na Nollag 2024 tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhí fiáin i gContae Nitriansky sa tSlóvaic, i limistéar a liostaítear mar chrios srianta III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ach ar limistéar é atá dlúth le limistéar a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I san Iarscríbhinn sin. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhí fiáin, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint léi, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. An limistéar sin den tSlóvaic a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart é a liostú mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin agus ní mór na teorainneacha atá ar na criosanna srianta I agus II faoi láthair a athshainiú freisin chun an ráig sin a chur san áireamh.

(18) Ar bhonn na faisnéise agus an bhoinn cirt a sholáthair an Laitvia, agus aird á tabhairt ar éifeachtacht na mbeart rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc i gcás muc-ainmhithe ar coimeád i gcriosanna srianta III áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún, ar bearta iad atá á gcur i bhfeidhm sa Laitvia i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus go háirithe na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 22, 25 agus 40 de, agus i gcomhréir leis na bearta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc a leagtar amach i gCód WOAH, an crios i gcontae Valkas sa Laitvia, crios a liostaítear faoi láthair mar chrios srianta III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin, toisc nach raibh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhithe ar coimeád sa chrios srianta III sin le 3 mhí anuas, cé go bhfuil an galar fós ann i muc-ainmhithe fiáine.

(19) Ina theannta sin, ar bhonn na faisnéise agus an bhoinn cirt a sholáthair an Pholainn, agus aird á tabhairt ar éifeachtacht na mbeart rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc i gcás muc-ainmhithe ar coimeád i gcriosanna srianta III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún agus atá á gcur i bhfeidhm sa Pholainn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus go háirithe na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 22, 25 agus 40 de, agus i gcomhréir leis na bearta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc a leagtar amach i gCód WOAH, na criosanna i Réigiúin Pomorskie agus Kujawsko – Pomorskie sa Pholainn, criosanna a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin, toisc nach raibh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhithe ar coimeád sna criosanna srianta III sin le 3 mhí anuas, cé go bhfuil an galar fós ann i muc-ainmhithe fiáine.

(20) Sa bhreis air sin, ar bhonn na faisnéise agus an bhoinn cirt a sholáthair an Pholainn, agus aird á tabhairt ar éifeachtacht na mbeart rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc i gcás muc-ainmhithe fiáine i gcriosanna srianta II a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ar bearta iad atá á gcur i bhfeidhm sa Pholainn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus go háirithe na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 64, 65 agus 67 de, agus i gcomhréir leis na bearta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc a leagtar amach i gCód WOAH, na criosanna i Réigiúin Podkarpackie agus Mazowieckie sa Pholainn, criosanna a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta I san Iarscríbhinn sin, toisc nach raibh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhithe ar coimeád ná i muc-ainmhithe fiáine sna criosanna srianta II sin le 12 mhí anuas agus toisc go bhfuil teorainn ag na criosanna sin fós le criosanna srianta II.

(21) Thairis sin, ar bhonn na faisnéise agus an bhoinn cirt a sholáthair an Pholainn, agus aird á tabhairt ar éifeachtacht na mbeart rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc i gcás muc-ainmhithe fiáine i gcrios srianta I a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ar bearta iad atá á gcur i bhfeidhm sa Pholainn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus go háirithe na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 64, 65 agus 67 de, agus i gcomhréir leis na bearta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc a leagtar amach i gCód WOAH, na criosanna áirithe i Réigiúin Mazowieckie agus Podkarpackie sa Pholainn, criosanna a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart iad a dhíliostú anois ón Iarscríbhinn sin, toisc nach raibh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád ná i muc-ainmhithe fiáine sna criosanna srianta I sin le 12 mhí anuas.

(22) Chun aird a thabhairt ar na forbairtí is déanaí i staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas, agus chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin ar bhealach réamhghníomhach, ba cheart criosanna srianta nua de mhéid leordhóthanach a chríochú le haghaidh na Gearmáine, na hIodáile, na Laitvia, na Polainne agus na Slóvaice, agus ba cheart iad a liostú mar chriosanna srianta I agus II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 agus ba cheart criosanna srianta I áirithe a dhíliostú ón Iarscríbhinn sin i gcás na Polainne.

(23) Sa bhreis air sin, ba cheart an crios ionfhabhtaithe i Stát Brandenburg sa Ghearmáin a liostú i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594.

(24) Ó tharla go bhfuil an staid a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc an-dinimiciúil san Aontas, cuireadh staid eipidéimeolaíoch na limistéar máguaird san áireamh nuair a bhí na criosanna srianta nua sin á gcríochú.

(25) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh fhiabhras Afracach na muc, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(26) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594.

Airteagal 2

Aisghairm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2976.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní I agus II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594:

'IARSCRÍBHINN I

CRIOSANNA SRIANTA I, II AGUS III

CUID I

1. **An Ghearmáin**

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Ghearmáin:

Bundesland Brandenburg:

— Landkreis Märkisch-Oderland:

  — Gemeinde Bleyen-Genschmar mit der Gemarkung Bleyen und mit Teilen der Gemarkung Genschmar,

  — Gemeinde Küstriner Vorland mit der Gemarkung Neu Manschnow und mit Teilen der Gemarkungen Gorgast, Manschnow und Küstrin-Kietz,

  — Gemeinde Alt Tucheband mit Teilen der Gemarkung Rathstock,

  — Gemeinde Reitwein mit Teilen der Gemarkung Reitwein,

  — Gemeinde Podelzig mit Teilen der Gemarkung Podelzig,

  — Gemeinde Lebus mit Teilen der Gemarkungen Lebus und Wüste Kunersdorf,

  — Stadt Bad Freienwalde mit den Gemarkungen Altglietzen, Hohenwutzen, Hohensaaten und mit Teilen der Gemarkungen Bralitz, Schiffmühle und Neuenhagen,

  — Gemeinde Oderaue mit den Gemarkungen Neuküstrinchen, Neurüdnitz, Zäckericker Loose und mit Teilen der Gemarkungen Neuranft, Neuwustrow, Altwustrow, Neureetz und Altreetz,

  — Gemeinde Neulewin mit der Gemarkung Güstebieser Loose und mit Teilen der Gemarkungen Neulietzegöricke, Karlshof, Kerstenbruch und Neulewin,

  — Gemeinde Letschin mit den Gemarkungen Zelliner Loose, Mehrin Graben, Ortwig Graben und mit Teilen der Gemarkungen Ortwig, Groß Neuendorf, Kienitz, Sophienthal und Neubarnim,

  — Gemeinde Zechin mit Teilen der Gemarkung Zechin,

— Landkreis Barnim:

  — Gemeinde Lunow-Stolzenhagen,

  — Gemeinde Parsteinsee,

  — Gemeinde Oderberg,

  — Gemeinde Liepe,

  — Gemeinde Hohenfinow (nördlich der B167),

  — Gemeinde Niederfinow,

  — Gemeinde (Stadt) Eberswalde mit den Gemarkungen Eberswalde nördlich der B167 und östlich der L200, Sommerfelde und Tornow nördlich der B167,

  — Gemeinde Chorin mit den Gemarkungen Brodowin, Chorin östlich der L200, Serwest, Neuehütte, Buchholz, Sandkrug östlich der L200,

— Gemeinde Ziethen,

— Landkreis Uckermark:

— Stadt Schwedt/Oder mit den Gemarkungen Briest, Passow, Schönow, Grünow, Schönermark, Landin nördlich der B2,

— Gemeinde Angermünde mit den Gemarkungen Frauenhagen, Mürow, Angermünde nördlich und nordwestlich der B2, Dobberzin nördlich der B2, Kerkow, Welsow, Bruchhagen, Greiffenberg, Günterberg, Biesenbrow, Görlsdorf, Wolletz und Altkünkendorf,

— Gemeinde Zichow,

— Gemeinde Casekow mit den Gemarkungen Blumberg, Wartin, Luckow-Petershagen und den Gemarkungen Biesendahlshof und Casekow westlich der L272 und nördlich der L27,

— Gemeinde Hohenselchow-Groß Pinnow mit der Gemarkung Hohenselchow nördlich der L27,

— Gemeinde Tantow,

— Gemeinde Mescherin mit der Gemarkung Radekow, der Gemarkung Rosow südlich der K 7311 und der Gemarkung Neurochlitz westlich der B2,

— Gemeinde Gartz (Oder) mit der Gemarkung Geesow westlich der B2 sowie den Gemarkungen Gartz und Hohenreinkendorf nördlich der L27 und der B2 bis zur Kastanienallee, dort links abbiegend dem Schülerweg folgend bis Höhe Bahnhof, von hier in östlicher Richtung den Salveybach kreuzend bis zum Tantower Weg, diesen in nördlicher Richtung bis zu Stettiner Straße, diese weiter folgend bis zur B2, dieser in nördlicher Richtung folgend,

— Gemeinde Pinnow nördlich und westlich der B2,

— Landkreis Oder-Spree:

— Gemeinde Brieskow-Finkenheerd mit Teilen der Gemarkung Brieskow-Finkenheerd,

— Stadt Eisenhüttenstadt mit Teilen der Gemarkung Eisenhüttenstadt,

— Gemeinde Lawitz mit Teilen der Gemarkung Lawitz,

— Gemeinde Neißemünde mit den Gemarkungen Breslack, Coschen, Ratzdorf und Teilen der Gemarkung Wellmitz,

— Gemeinde Neuzelle mit der Gemarkung Steinsdorf und Teilen der Gemarkung Neuzelle,

— Gemeinde Vogelsang mit Teilen der Gemarkung Vogelsang,

— Gemeinde Wiesenau mit Teilen der Gemarkung Wiesenau,

— Gemeinde Ziltendorf mit Teilen der Gemarkung Ziltendorf,

— Teile der kreisfreien Stadt Frankfurt/Oder,

— Teile der kreisfreien Stadt Cottbus,

— Landkreis Spree-Neiße:

— Gemeinde Tauer,

— Gemeinde Peitz,

— Gemeinde Teichland,

- Gemeinde Heinersbrück,
- Gemeinde Turnow-Preilack mit der Gemarkung Preilack,
- Gemeinde Drachhausen mit Teilen der Gemarkung Drachhausen,
- Gemeinde Drehnow mit Teilen der Gemarkung Drehnow,
- Gemeinde Guhrow mit Teilen der Gemarkung Guhrow,
- Gemeinde Werben mit Teilen der Gemarkung Werben,
- Gemeinde Dissen-Striesow mit Teilen der Gemarkungen Dissen und Striesow,
- Gemeinde Briesen mit Teilen der Gemarkung Briesen,
- Gemeinde Kolkwitz mit den Gemarkungen Limberg und Gulben und mit Teilen der Gemarkungen Krieschow, Glinzig, Kolkwitz, Hänchen, Eichow, Milkersdorf, Papitz und Klein Gaglow,
- Gemeinde Schenkendöbern mit den Gemarkungen Reicherskreuz, Staakow, Pinnow, Lübbinchen, Bärenklau, Krayne, Groß Drewitz, Sembten, Lauschütz, Grabko und mit Teilen der Gemarkungen Grano, Schenkendöbern, Atterwasch, Kerkwitz und Groß Gastrose,
- Gemeinde Guben mit Teilen der Gemarkung Guben,
- Gemeinde Jänschwalde mit den Gemarkungen Drewitz und Jänschwalde und mit Teilen der Gemarkung Grießen,
- Stadt Forst mit Teilen der Gemarkungen Horno, Briesnig, Weißagk und Bohrau,
- Gemeinde Wiesengrund mit Teilen der Gemarkung Gosda und Jethe,
- Gemeinde Neuhausen/Spree mit den Gemarkungen Haasow und Kathlow und mit Teilen der Gemarkungen Roggosen und Sergen,

— Landkreis Oberspreewald-Lausitz:

- Gemeinde Lauchhammer,
- Gemeinde Schwarzheide westlich der BAB 13,
- Gemeinde Schipkau mit den Gemarkungen Annahütte, Drochow und den Gemarkungen Klettwitz und Schipkau westlich der BAB 13,
- Gemeinde Großräschen mit den Gemarkungen Wormlage, Saalhausen, Barzig, Freienhufen, Großräschen,
- Gemeinde Vetschau/Spreewald mit den Gemarkungen Koßwig, Repten, Tornitz, Missen Laasow, Wüstehain und Orgosen mit Teilen der Gemarkungen Vetschau, Göritz und Raddusch,
- Gemeinde Calau mit den Gemarkungen: Kalkwitz, Mlode, Saßleben, Reuden, Bolschwitz, Säritz, Calau, Kemmen, Werchow und Gollmitz,
- Gemeinde Luckaitztal,
- Gemeinde Bronkow,
- Gemeinde Altdöbern,
- Gemeinde Tettau,
- Gemeinde Frauendorf,
- Gemeinde Ruhland,
- Gemeinde Hermsdorf,

- Gemeinde Kroppen,
- Gemeinde Ortrand,
- Gemeinde Großkmehlen,
- Gemeinde Lindenau,

— Landkreis Elbe-Elster:

- Gemeinde Sallgast mit den Gemarkungen Dollenchen, Zürchel und Sallgast,
- Gemeinde Lichterfeld-Schacksdorf mit der Gemarkung Bergheide,
- Gemeinde Finsterwalde mit der Gemarkung Finsterwalde östlich der L60,
- Gemeinde Großthiemig,
- Gemeinde Hirschfeld,
- Gemeinde Gröden,
- Gemeinde Schraden,
- Gemeinde Merzdorf,
- Gemeinde Röderland mit der Gemarkung Wainsdorf, Prösen, Stolzenhain a.d. Röder,
- Gemeinde Plessa mit der Gemarkung Plessa,

Bundesland Sachsen:

— Landkreis Bautzen:

- Gemeinde Arnsdorf,
- Gemeinde Burkau, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Cunewalde,
- Gemeinde Demitz-Thumitz,
- Gemeinde Doberschau-Gaußig,
- Gemeinde Frankenthal,
- Gemeinde Göda, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Großharthau,
- Gemeinde Großnaundorf, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Großpostwitz/O.L.,
- Gemeinde Hochkirch,
- Gemeinde Kubschütz, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Laußnitz, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Lichtenberg, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Malschwitz, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Neukirch, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Neukirch/Lausitz,

- Gemeinde Obergurig,
- Gemeinde Ohorn, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Ottendorf-Okrilla,
- Gemeinde Rammenau, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Schmölln-Putzkau,
- Gemeinde Schwepnitz, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Sohland a. d. Spree,
- Gemeinde Stadt Bautzen, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Stadt Bischofswerda,
- Gemeinde Stadt Großröhrsdorf, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Stadt Königsbrück, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Stadt Radeberg,
- Gemeinde Stadt Schirgiswalde-Kirschau,
- Gemeinde Stadt Weißenberg, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Stadt Wilthen,
- Gemeinde Steinigtwolmsdorf,
- Gemeinde Wachau, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Kreisfreie Stadt Dresden:

- Stadtgebiet östlich der BAB13 und der BAB4 in südliche Richtung bis zur Abfahrt AS Dresden-Hellerau, dann östlich der B170 in südliche Richtung bis zur B6, dann nördlich der B6 in Richtung Osten,

— Landkreis Görlitz:

- Gemeinde Beiersdorf,
- Gemeinde Bertsdorf-Hörnitz,
- Gemeinde Dürrhennersdorf,
- Gemeinde Großschönau,
- Gemeinde Großschweidnitz,
- Gemeinde Hainewalde,
- Gemeinde Kottmar,
- Gemeinde Kurort Jonsdorf,
- Gemeinde Lawalde,
- Gemeinde Leutersdorf,
- Gemeinde Markersdorf, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Mittelherwigsdorf, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Oderwitz,
- Gemeinde Olbersdorf, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Oppach,

— Gemeinde Oybin, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Rosenbach,

— Gemeinde Schönau-Berzdorf a. d. Eigen, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Schönbach,

— Gemeinde Stadt Bernstadt a. d. Eigen, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Stadt Ebersbach-Neugersdorf,

— Gemeinde Stadt Herrnhut,

— Gemeinde Stadt Löbau,

— Gemeinde Stadt Neusalza-Spremberg,

— Gemeinde Stadt Reichenbach/O.L., sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Stadt Seifhennersdorf,

— Gemeinde Stadt Zittau, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Gemeinde Vierkirchen, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Landkreis Meißen:

— Gemeinde Ebersbach östlich der BAB13,

— Gemeinde Lampertswalde,

— Gemeinde Schönfeld,

— Gemeinde Stadt Radeburg östlich der BAB13,

— Gemeinde Thiendorf außer Ortsteil Tauscha,

— Gemeinde Thiendorf, Ortsteil Tauscha östlich der BAB13,

Bundesland Mecklenburg-Vorpommern:

— Landkreis Vorpommern Greifswald:

— Gemeinde Penkun,

— Gemeinde Nadrensee,

— Gemeinde Krackow,

— Gemeinde Glasow,

— Gemeinde Grambow,

— Gemeinde Ramin mit der Gemarkung Bismark östlich der B113 bis Ortslage Linken, nordwestlich der Ortslage Linken nördlich der B104 (Flur 6) und nördlich Flur 6 in 500m Abstand zur deutsch-polnischen Grenze auf Flur 102 sowie 103 bis Gemeindegrenze Ramin-Blankensee,

— Gemeinde Blankensee mit der Gemarkung Blankensee nördlich der Gemeindegrenze Ramin-Blankensee in 1000 m Abstand zur deutsch-polnischen Grenze über die Fluren 5, 6 und 3 bis einschließlich Ortslage Blankensee sowie nördlich der Ortslage Blankensee zwischen der deutsch-polnischen Grenze bis 10 m westlich der Kreisstraße K81 bis Gemarkungsgrenze Blankensee-Pampow und der Gemarkung Pampow nördlich der Gemarkungsgrenze Blankensee-Pampow von der deutsch-polnischen Grenze bis 10 m westlich der Kreisstraße K81 bis einschließlich Ortslage Pampow sowie nordwestlich der Ortslage Pampow nördlich der Kreisstraße K80 mit den Fluren 8, 9, 101, 102, 103, 104, 106 sowie 7 (Ost),

— Gemeinde Hintersee mit der Gemarkung Hintersee mit den Fluren 1, 4 und 10,

— Gemeinde Luckow mit der Gemarkung Luckow mit den Fluren 2 und 6, mit der Gemarkung Rieth mit den Fluren 1, 2 und 3 sowie mit der Gemarkung Riether Werder mit der Flur 1,

— Gemeinde Altwarp-Fischerdorf mit der Gemarkung Altwarp mit den Fluren 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9 und 10,

— Gemeinde Vogelsang-Warsin mit der Gemarkung Vogelsang mit den Fluren 1, 2, 3 und 5,

Bundesland Hessen:

— Landkreis Rheingau-Taunus-Kreis:

— Teile der Gemeinde Taunusstein,

— Gemeinde Niedernhausen,

— Teile der Gemeinde Schlangenbad,

— Teile der Gemeinde Bad Schwalbach,

— Teile der Gemeinde Hohenstein,

— Teile der Gemeinde Idstein,

— Teile der Gemeinde Heidenrod,

— Teile der Gemeinde Oestrich-Winkel,

— Teile der Gemeinde Geisenheim,

— Gemeinde Rüdesheim,

— Teile der Gemeinde Lorch,

— Landkreis Hoch-Taunus-Kreis:

— Stadt Königstein im Taunus,

— Stadt Kronberg im Taunus,

— Stadt Steinbach (Taunus),

— Teile der Gemeinde Glashütten,

— Teile der Stadt Oberursel im Taunus,

— Landkreis Main-Taunus-Kreis:

— Stadt Eppstein,

— Stadt Kelkheim (Taunus),

— Stadt Bad Soden am Taunus,

— Gemeinde Liederbach am Taunus,

- Gemeinde Sulzbach (Taunus),
- Stadt Schwalbach am Taunus,
- Stadt Eschborn,
- Teile der Stadt Hofheim am Taunus,

— Stadt Offenbach am Main:

- Teile des Stadtteils Rosenhöhe,
- Teile des Stadtteils Tempelsee,
- Teile des Stadtteils Buchrain,

— Landkreis Offenbach:

- Teile der Stadt Dreieich,
- Stadt Dietzenbach,
- Teile der Stadt Neu-Isenburg,
- Teile der Stadt Rödermark,
- Stadt Heusenstamm,
- Teile der Stadt Obertshausen,
- Teile der Stadt Rodgau,
- Teile der Gemeinde Hainburg,
- Teile der Stadt Seligenstadt,
- Teile der Gemeinde Mainhausen,

— Landkreis Odenwaldkreis:

- Stadt Breuberg,
- Gemeinde Höchst i. Odw.,
- Teile der Gemeinde Lützelbach,
- Teile der Stadt Bad König,
- Gemeinde Brombachtal,
- Teile der Gemeinde Brensbach,
- Teile der Gemeinde Fränkisch-Crumbach,
- Teile der Gemeinde Reichelsheim (Odenwald),
- Gemeinde Mossautal,
- Teile der Stadt Erbach,
- Teile der Stadt Michelstadt,
- Teile der Stadt Oberzent,

— Landkreis Darmstadt-Dieburg:

- Teile der Gemeinde Eppertshausen,
- Teile der Stadt Babenhausen,

- Teile der Gemeinde Münster (Hessen),
- Gemeinde Schaafheim,
- Teile der Stadt Groß-Umstadt,
- Teile der Gemeinde Otzberg,

— Landkreis Bergstraße:

- Teile der Stadt Lindenfels,
- Teile der Gemeinde Fürth,
- Teile der Gemeinde Grasellenbach,
- Teile der Gemeinde Wald-Michelbach,
- Stadt Hirschhorn (Neckar),
- Gemeinde Michelbuch,
- Stadt Neckarsteinach,

— Stadt Wiesbaden:

- Ortsbezirk Wiesbaden-Rambach,
- Ortsbezirk Wiesbaden-Heßloch,
- Ortsbezirk Wiesbaden-Naurod,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Dotzheim,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Nordost,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Bierstadt,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Sonnenberg,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Kloppenheim,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Auringen,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Medenbach,
- Teile des Ortsbezirkes Wiesbaden-Klarenthal,

— Stadt Frankfurt am Main:

- Stadtteil Niederrad,
- Bezirk 32,
- Bezirk 33,
- Stadtteil Oberrad,
- Stadtteil Nied,
- Stadtteil Griesheim,
- Bezirk 16,
- Bezirk 15,
- Bezirk 9,
- Bezirk 10,

— Bezirk 17,

— Bezirk 18,

— Bezirk 11,

— Bezirk 1,

— Bezirk 12,

— Bezirk 13,

— Bezirk 14,

— Bezirk 19,

— Bezirk 20,

— Bezirk 21,

— Bezirk 22,

— Bezirk 23,

— Bezirk 24,

— Bezirk 25,

— Bezirk 26,

— Stadtteil Sossenheim,

— Stadtteil Nied,

— Stadtteil Rödelheim,

— Stadtteil Bockenheim,

— Stadtteil Praunheim,

— Stadtteil Hausen,

— Stadtteil Eschersheim,

— Stadtteil Eckenheim,

— Stadtteil Heddernheim,

— Stadtteil Niederursel F.,

— Stadtteil Niederursel H.,

— Teile des Stadtteils Wald,

— Teile des Stadtteils Schwanheim,

— Teile des Stadtteils Höchst,

— Teile des Stadtteils Unterliedbach,

Bundesland Rheinland-Pfalz:

— Landkreis Mainz-Bingen:

— Stadt Bingen,

— Gemeinde Münster-Sarmsheim,

— Gemeinde Niederheimbach,

- Gemeinde Trechtingshausen,
- Gemeinde Waldalgesheim,
- Gemeinde Weiler bei Bingen,
- Gemeinde Appenheim,
- Gemeinde Essenheim,
- Gemeinde Stadecken-Elsheim,
- Gemeinde Bubenheim,
- Gemeinde Nieder-Hilbersheim,
- Gemeinde Ober-Hilbersheim,
- Gemeinde Ockenheim,
- Gemeinde Engelstadt,
- Gemeinde Jugenheim in Rheinhessen,
- Gemeinde Aspisheim,
- Gemeinde Gensingen,
- Gemeinde Grolsheim,
- Gemeinde Horrweiler,
- Gemeinde Sankt Johann,
- Gemeinde Sprendlingen,
- Gemeinde Welgesheim,
- Gemeinde Wolfsheim,
- Gemeinde Zotzenheim,
- Gemeinde Nieder-Olm, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Ober-Olm, sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,

— Landkreis Alzey-Worms:

- Gemeinde Partenheim,
- Gemeinde Saulheim,
- Gemeinde Udenheim,
- Gemeinde Vendersheim,
- Gemeinde Gau-Weinheim,
- Gemeinde Wallertheim,
- Gemeinde Sulzheim,
- Gemeinde Wörrstadt,
- Gemeinde Schornsheim,
- Gemeinde Gau-Bickelheim,
- Gemeinde Armsheim,

— Gemeinde Ensheim,

— Gemeinde Spiesheim,

— Gemeinde Gabsheim,

— Gemeinde Gumbsheim,

— Gemeinde Wöllstein,

— Gemeinde Siefersheim,

— Gemeinde Eckelsheim,

— Gemeinde Flonheim,

— Gemeinde Biebelnheim,

— Gemeinde Bornheim,

— Gemeinde Lonsheim,

— Gemeinde Bermersheim v.d. Höhe,

— Gemeinde Albig,

— Stadt Alzey,

— Gemeinde Gau-Heppenheim,

— Gemeinde Mauchenheim,

— Gemeinde Freimersheim,

— Gemeinde Wahlheim,

— Gemeinde Kettenheim,

— Gemeinde Esselborn,

— Gemeinde Dintesheim,

— Gemeinde Eppelsheim,

— Gemeinde Hangen-Weisheim,

— Gemeinde Hochborn,

— Gemeinde Flomborn,

— Gemeinde Ober-Flörsheim,

— Gemeinde Gundersheim,

— Gemeinde Bermersheim,

— Gemeinde Mölsheim,

— Gemeinde Flörsheim-Dalsheim,

— Gemeinde Gundheim,

— Gemeinde Mörstadt,

— Gemeinde Wachenheim,

— Gemeinde Monsheim,

— Gemeinde Hohen-Sülzen,

— Gemeinde Offstein,

— Landkreis Bad Dürkheim:

— Stadt Bad Dürkheim östlich der S-Bahnlinie bis zur B 37, nördlich der B 37 und A 650,

— Stadt Grünstadt mit den Gemarkungen RLP. 853 und Gemarkung 1420 Asselheim,

— Gemeinde Dackenheim mit Gemarkung RLP. 2118,

— Gemeinde Ebertsheim,

— Gemeinde Freinsheim mit Gemarkung RLP. 1655,

— Gemeinde Herxheim am Berg,

— Gemeinde Kirchheim mit Gemarkung RLP. 191,

— Gemeinde Neuleiningen nördlich der L 453/Tiefenthaler Straße/Schlossberg/Sausenheimer Straße, nördlich der Mittelgasse und östlich der Verbindung zwischen Mittelgasse und Talstraße,

— Gemeinde Quirnheim,

— Gemeinde Weisenheim am Sand mit Gemarkung RLP. 806,

— Gemeinde Bockenheim,

— Gemeinde Dirmstein,

— Gemeinde Obrigheim,

— Gemeinde Kindenheim,

— Gemeinde Bissersheim,

— Gemeinde Ellerstadt in Teilen,

— Gemeinde Erpolzheim mit Gemarkung RLP. 1454,

— Gemeinde Gönnheim,

— Gemeinde Gerolsheim,

— Gemeinde Großkarlbach,

— Gemeinde Laumersheim,

— Gemeinde Obersülzen,

— Gemeinde Mertesheim,

— Gemeinde Sausenheim,

— Gemeinde Kleinkarlbach,

— Landkreis Rhein-Pfalz-Kreis:

— Gemeinde Heuchelheim bei Frankenthal,

— Gemeinde Heßheim,

— Gemeinde Lambsheim,

— Gemeinde Maxdorf,

— Gemeinde Birkenheide,

- Gemeinde Fußgönnheim,
- Gemeinde Mutterstadt,
- Gemeinde Limburgerhof,
- Gemeinde Neuhofen,
- Gemeinde Altrip,
- Stadt Frankenthal (Pfalz), sofern nicht bereits Teil der Sperrzone II,
- Gemeinde Otterstadt,
- Gemeinde Schifferstadt: Gebiet im Westen an Grenze nach Böhl-Iggelheim das Gebiet nördlich der L454 bis zum Kurzgraben und dann dem Scheidegraben nach Süden folgend bis zur A 61 nach Süden folgend bis zum Staudamm Rehbach/ Neugraben. Dann dem Neugraben nach Südosten folgend der bebauten Grenze von Schifferstadt entlang bis zur Waldseer Straße im Osten folgend. Entlang der Waldseer Straße nach Osten bis zur südlichen Grenze des Kiesabgrabungsgebietes (Flurbezeichnung Heuplatte) folgend bis zum Ranschgraben. Dem Ranschgraben nach Nordosten folgend bis zur Gemeindegrenze Neuhofen,
- Gemeinde Waldsee,
- Stadt Ludwigshafen am Rhein, sofern nicht Teil der Sperrzone II,
- Stadt Speyer, gesamtes Gebiet nördlich der AB61, sowie das Teichgebiet südlich der AB61, westlich begrenzt durch Spitzenreiherhofgraben und Franzosengraben, einschließlich Steinhäuserwühlsee, Wammsee und Kläranlage der Stadt Speyer,

— Landkreis Donnersbergkreis:

- Gemeinde Ilbesheim,
- Gemeinde Stetten,
- Gemeinde Albisheim,
- Gemeinde Einselthum,
- Gemeinde Zellertal mit den Ortsteilen Zell, Harxheim und Niefernheim,
- Gemeinde Bubenheim,
- Gemeinde Immesheim,
- Gemeinde Morschheim,
- Gemeinde Rittersheim,
- Gemeinde Gauersheim,
- Gemeinde Ottersheim,
- Gemeinde Rüssingen,
- Gemeinde Biedesheim,
- Gemeinde Lautersheim,

Bundesland Baden-Württemberg:

— Stadt Heidelberg:

- Gesamtes Stadtgebiet,

— Landkreis Rhein-Neckar-Kreis:

— Gemeinde Brühl,

— Stadt Schwetzingen,

— Gemeinde Plankstadt,

— Stadt Eppelheim,

— Gemeinde Ketsch,

— Gemeinde Oftersheim,

— Stadt Hockenheim,

— Stadt Leimen (Stadt),

— Stadt Leimen (St. Ilgen),

— Gemeinde Sandhausen,

— Gemeinde Gaiberg,

— Gemeinde Bammental,

— Stadt Neckargemünd,

— Gemeinde Wiesenbach,

— Gemeinde Schönau,

— Gemeinde Heddesbach,

— Gemeinde Schönbrunn (Schönbrunn),

— Gemeinde Schönbrunn (Moosbrunn),

— Stadt Eberbach (Pleutersbach),

— Stadt Eberbach (Brombach),

— Stadt Eberbach (Gebiet westlich der B45).

2. **An Eastóin**

Na criosanna srianta I seo a leanas san Eastóin:

— Hiiu maakond.

3. **An Laitvia**

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Laitvia:

— Dienvidkurzemes novada, Nīcas pagasta daļa uz ziemeļiem no apdzīvotas vietas Bernāti, autoceļa V1232, A11, V1222, Bārtas upes, Otaņķu pagasts,

— Ropažu novada Stopiņu pagasta daļa, kas atrodas uz rietumiem no autoceļa V36, P4 un P5, Acones ielas, Dauguļupes ielas un Dauguļupītes.

4. **An Ungáir**

Na criosanna srianta I seo a leanas san Ungáir:

— Békés vármegye 950150, 950250, 950350, 950450, 950550, 950650, 950660, 950750, 950850, 950860, 951050, 951150, 951250, 951260, 951350, 951450, 951460, 951550, 951650, 951750, 952150, 952250, 952350, 952450, 952550, 952650, 953250, 953260, 953270, 953350, 953450, 953550, 953560, 953950, 954050, 954060, 954150, 954950, 955050, 955550, 955650, 955750, 955760, 955950, 956050, 956060, 956150, 956160, 956250, 956350, 956450, 956550, 956650 és 956750 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

— Bács-Kiskun vármegye 600150, 600850 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

— Budapest 1 kódszámú, vadgazdálkodási tevékenységre nem alkalmas területe,

— Fejér vármegye 400150, 400250, 400351, 400352, 400450, 400550, 401150, 401250, 401350, 402050, 402350, 402360, 402850, 402950, 403050, 403450, 403550, 403650, 403750, 403950, 403960, 403970, 404650, 404750, 404850, 404950, 404960, 405050, 405750, 405850, 405950,

— 406050, 406150, 406550, 406650 és 406750 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

— Győr-Moson-Sopron vármegye 100550, 100650, 100950, 101050, 101350, 101450, 101550, 101560 és 102150 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

— Jász-Nagykun-Szolnok vármegye 750150, 750160, 750260, 750350, 750450, 750460, 750850, 750970, 750980, 751050, 751150, 751160, 751250, 751260, 751350, 751360, 751450, 751460, 751470, 751550, 751650, 751750, 751850, 751950, 752250, 752350, 752650, 752750, 752850, 752950, 753070, 753060, 753150, 753250, 753310, 753450, 753550, 753650, 753660, 753750, 753850, 753950, 753960, 754050, 754150, 754250, 754360, 754370, 754850, 755550, 755650 és 755750 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

— Komárom-Esztergom vármegye 250150, 250250, 250450, 250460, 250550, 250650, 250750, 251050, 251150, 251250, 251350, 251360, 251650, 251750, 251850, 252250, kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,

